An Roinn Oideachais
Department of Education

Tuarascáil ar Shuirbhé Náisiúnta Cúntóirí Riachtanas Speisialta

6 Feabhra – 5 Márta 2024

An tAonad Forbartha Fórsa Saothair CRSanna, An Roinn Oideachais
Bealtaine 2024

Clár na nÁbhar

Aguisín 1 – Innéacs an dTáblaí 4

Giorrúcháin 7

Admhálacha 8

1. Achoimre Fheidhmeach 9

1.1 Cuspóir 9
1.2 Modheolaíocht agus Dearadh 9
1.3 Srianta 12
1.4 Rátaí Freagartha 13
1.5 Próifíl na bhFreagróirí 14

2. Torthaí an tSuirbhé 15

2.1 Eolas Ginearálta 15
2.2 An tIonad Oibre 25
2.3 Gnóthachtálacha Oideachais agus Oiliúna 31
2.4 Clár Oiliúna Náisiúnta do CRSanna 48
2.5 Oiliúint Ionduchtaithe 52
2.6 Mol Eolais do CRSanna 57
2.7 Ról an CRS 59
2.8 Iompar Scoile - Tionlacaithe Busanna 69
2.9 Timpeallacht an Fhórsa Saothair 74
2.10 Caidreamh i bPobal na Scoile 80
2.11 Earcaíocht 84

3.Conclúidí 85

Aguisín 1 – Innéacs na dTáblaí

Tábla 1 Ról reatcha ... 12
Tábla 2 Fostaíocht BOO ... 14
Tábla 3 Próifíl Inscne na bhfreagróirí ... 15
Tábla 4 Cúlra eitneach nó cultúrtha ... 16
Tábla 5 Tír Bhreithe ... 17
Tábla 6 Náisiúntacht na bhfreagróirí ... 18
Tábla 7 Líofacht sa Bhéarla ... 19
Tábla 8 Próifíl Aoise na bhfreagróirí ... 20
Tábla 9 Aoisghrúpaí de réir inscne ... 21
Tábla 10 An contea ina gcónaíonn na freagróirí ... 22
Tábla 11 Lífacht sa Ghaeilge ... 23
Tábla 12 Míchumas i measc freagróirí ... 24
Tábla 13 Fad seirbhíse mar CRS ... 26
Tábla 14 Fad seirbhíse sa scoil reatha ... 27
Tábla 15 Stádas fostaíochta ... 28
Tábla 16 Uaireanta a obirítear in aghaidh na seachtaine ... 29
Tábla 17 Contae Chónaithe v contae ina bhfuil an scoil suite ... 30
Tábla 18 Fad go dtí an obair ... 31
Tábla 19 Leibhéal Oideachais ... 32
Tábla 20 Cúrsa agus cáilíochtaí a baineadh amach Néal Focal ... 33
Tábla 21 Staidéir reatha ... 34
Tábla 22 íoscháilíocht Iontrála ... 35
Tábla 23 Cáilíocht bhreise sa mhúinteoireacht ... 36
Tábla 24 Cáilíocht bhreise sa mhúinteoireacht ... 37
Tábla 25 Cáilíocht bhreise i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige ... 38
Tábla 26 Taithí oibre roimhe seo i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige ... 39
Tábla 27 Fostaíocht roimhe seo i suíomhanna Foghlama agus Cúraim na Luath-Óige . 40
Tábla 28 Cúiseanna le hearnáil Foghlama agus Cúraim na Luath-Óige a fhágáil ... 41
Tábla 29 Oiliúint agus forbairt ... 42
Tábla 30 Maoiniú don oiliúint ... 43
Tábla 31 Cúiseanna gan páirt a ghlacadh san oiliúnt ... 44
Tábla 32 Leibhéil sástachta le soláthar oiliúna ... 45
Tábla 33 Leibhéil sástachta le cáilíocht/caighdeán na hoiliúna a fuarthas ... 46
Tábla 34 Oiliúint fhoirmiúil a bhaindeann go sonrach leis an bpost atá curtha i gcrích ag CRSanna ... 47
Tábla 35 Liosta de chúrsaí oiliúna a bhain go sonrach leis an bpost ar thug CRSanna fúthu ... 48
Tábla 36 Néal focal den oiliúint a bhain go sonrach le ról an CRS ... 48
Tábla 37 Clár Oiliúna Náisiúnta COBÁC do CRSanna ... 49
Tábla 38 Cúiseanna gan páirt a ghlacadh sa chúrsa ... 50
Tábla 39 Cúiseanna gan cur isteach ar an gClár Oiliúna Náisiúnta do CRSanna ... 51
Tábla 40 Oiliúint curtha i gcrích ag CRSanna ... 52
Tábla 41 Oiliúint londuchtaithe ... 53
Tábla 42 Topaicí a bhí san áireamh san oiliúint ionduchtaithe ... 54
Tábla 43 Líon na scoláirí atá sannta ... 56
Tábla 44 Na cineálacha riachtanas spisialta oideachais ar tacaíodh leo ... 57

Tábla 45 Tabhair Cógais 58
Tábla 46 Mol Eolais 59
Tábla 47 Bealaí cumarsáide 60
Tábla 48 Tuiscint ar ról an CRS 61
Tábla 49 Leibhéil sáatachta leis an bpost 62
Tábla 50 Leibhéil struis 63
Tábla 51 Leibhéil tacaíochta 64
Tábla 52 Rannpháirtíocht an CRS sa phróiseas pleanála cúraim 65
Tábla 53 Aiseolas faoi fheidmíocht 66
Tábla 54 Foinsí eile don aiseolas. Néal focal 67
Tábla 55 Modhanna chun aiseolas faoi fheidhmíocht a thabhairt 68
Tábla 56 Minicíocht an aiseolais faoi fheidhmíocht 69
Tábla 57 Sceidealú na gcruinnithe foirmiúla 70
Tábla 58 Poist a sealbhaíodh sa bhreis ar ról an CRS 71
Tábla 59 CRSanna a bhfuil a bpostbreise lena scoil reatha 72
Tábla 60 Líon na leanaí atá ar an tseirbhís iompair scoile 73
Tábla 61 Líon na leanaí a bhfuil an CRS ag tabhairt aire dóibh ar an tseirbhís iompair scoile 74
Tábla 62 An méid ama, ar an meán a chaitear ag obair mar Thionlacaí Bus 75
Tábla 63 Seasmhacht na fostaíochta 76
Tábla 64 Leibhéil ionchuimsithe 77
Tábla 65 Leibhéil chothroime 78
Tábla 66 Leibhéil ionchuimsithe 79
Tábla 67 An leibhéal cúraim don fholláine 80
Tábla 68 Tuairimí agus smaointe éagsúla 81
Tábla 69 Caidreamh leis an bpríomhoide 82
Tábla 70 Caidreamh leis an múinteoir/na múinteoirí ranga 83
Tábla 71 Caidreamh le CRSanna eile sa scoil 84
Tábla 72 An leibhéal tacaíochta ó chomhghleacaithe 85
Tábla 73 An Próiseas Earcaíochta 86

Giorrúcháin

RO	An Roinn Oideachais
FCL	Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige
NFQ	An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí
CRS	Cúntóir Riachtanas Speisialta
AFFSCRS	An tAonad Forbartha Fórsa Saothair Cúntóirí Riachtanas Speisialta
An Plean	An tAonad Forbartha Fórsa Saothair Cúntóirí Riachtanas Speisialta
CNOS	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
RSO	Riachtanais Speisialta Oideachais
CRSO	Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta Oideachais

Admhálacha

Is mian le SNAWDU buíochas a ghlacadh leo siúd go léir a thug cúnamh le dearadh agus le forfheidhmiú an chéad suirbhé náisiúnta ar chúntóirí riachtanas speisialta lena n-áirítear páirtithe leasmhara seachtracha agus comhghleacaithe sa Roinn Oideachais.

Buíochas le ceannairí agus foirne scoile, comhlachtaí bainistíochta scoile agus le Fórsa agus ucht poiblíocht a thabhairt do nasc an tsuirbhé agus é a scaipeadh agus CRSanna a spreagadh chun a suirbhé a chomhlánú.

Ba mhian le SNAWDU buíochas a ghlacadh freisin leis na CRSanna a thástáil an suirbhé agus a chomhlánaigh é. Táimid buíoch do chuir tú d'am luachmhar agus eolas macánta ar fáil agus gur roinn tú léargas ar do ról. Cuirfidh d’ionchur ar chumas na Roinne pictiúr níos fearr a fháil den fhórsa saothair agus cabhróidh sé le cinnteoireacht maidir le torthaí níos fearr a sholáthar d'fhórsa saothair na CRSanna agus do na scoláirí a n-oibríonn tú leo.

1. Achoimre Fheidhmeach

Cuireann CRSanna go mór lenár bpobail scoile, trí thacaíocht duine fásta a sholáthar chun scoláirí a bhfuil riachtanais chúraim shuntasach acu a chumasú chun freastal ar an scoil. Faoi láthair, tá tuairim is 21,000 CRS ag obair inár scoileanna.

Tugtar mionsonraí sa tuarascáil seo faoin gcéad suirbhé náisiúnta a rinne DO ar CRSanna. Cuirtear anailís i láthair ann ar na príomhthréithe agus ar na príomhthreochtaí a bhaineann le fórsa saothair na CRSana i mbunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta aitheanta i bPoblacht na hÉireann, ar anailís í a thacóidh le pleanáil bunaithe ar fhianaise agus le déanamh polasaí san earnáil sin.

1.1 Cuspóir

1.1.1 Tá sé mar chuspóir ag an suirbhé eolas bonnlíne a bhailiú agus a thaifeadadh faoi CRSanna agus faoina gcuid oibre. Cabhróidh na sonraí a bhailítear le RO chun eolas agus tuiscint níos doimhne a ghabháil agus a fhorbairt i dtaca le ról an CRS sna suíomhanna éagsúla oideachais agus chun an ról atá ag CRSanna maidir le hionchuimsiú a éascú a iniúchadh agus a fheabhsú.

1.1.2 Úsáidfidh RO na sonraí a bhailítear chun próifíl fhoriomlán a thógáil d'fhórsa saothair na CRSanna a chuirfidh leis na cinntí tábhachtacha polasaí san earnáil.

1.1.3 San áireamh sna sonraí atá á lorg tá eolas faoi fhostaíocht agus sonraí seirbhíse, éagsúlacht forbartha gairmiúla san earnáil agus ceisteanna ginearálta eile maidir le ról an CRS i bpobal na scoile.

1.2 Modheolaíocht agus Dearadh

1.2.1 Rinne baill foirne in SNAWDU an suirbhé a chruthú agus a riar. Agus na ceisteanna á ndréachtú acu, rinne an t-aonad taighde leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir agus le Ranna eile agus chuaigh sé i gcomhairle leo. Rinne an t-aonad breithniú freisin ar shuirbhéanna cosúil leis a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- CSO Daonáireamh na Príomh-Oifige Staidrimh
- COBÁC an Clár Oiliúna Náisiúnta do CRSanna – Tuarascáil Mheasúnaithe
- Pobal - Earnáil na Luath-Bhliana Suirbhé Próifíle 22/23
- Staidéir a rinneadh ag Coláiste San Aingeal, Sligeach
- An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) Eolas riachtanach ar bhaill foirne ábhartha atá á n-athshannadh.
- Suirbhé Fórsa 2017

1.2.2 Rinne roinnt CRSanna tástáil ar an suirbhé lena chinntiú go raibh na ceisteanna leagtha amach go soiléir, go raibh sé éasca iad a thuiscint agus go raibh na ceisteanna agus na catagóirí ag sreabhadh in ord loighiciúil.

1.2.3 Reáchtáladh an suirbhé idir an 6 Feabhra agus an 5 Márta 2024 agus cuireadh síneadh leis an spriocdháta go dtí an 5 Márta 2024 chun breise ama a thabhairt do CRSanna chun é a chríochnú. Bhí de chineál cainníochtúil na sonraí a bailíodh sa suirbhé seo.

1.2.4 Rinneadh an suirbhé a uaslódáil ar líne ar bhogearraí suirbhé ghairmiúil Checkbox agus bhí sé oscailte do na CRSanna go léir lena n-áirítear iad siúd a raibh cead neamhláithreachta acu.

1.2.5 Sheol an tAire Stáit don Oideachas Speisialta agus Cuimsiú, Josepha Madigan TD an suirbhé ar an 6 Feabhra 2024. I bhfíseán gearr a roinneadh ar www.gov.ie, an Mol Eolais do CRSanna agus ar an ardán meán sóisialta 'X', Twitter roimhe seo, spreag an tAire CRSanna chun an suirbhé a chomhlánú. Ina ráiteas, bhí an méid seo a leanas le rá ag an Aire: "Tá sé seo á dhéanamh lena chinntiú go gcuirtear tuairimí CRSanna san áireamh go hiomlán i ndéanamh polasaí. *Baineann sé seo le bheith ag éisteacht. Is cuid thábhachtach den Phlean go ndéanfaí eispéireas na CRSanna a thaifeadadh agus a chur san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta."*

1.2.6 Chun ráta maith freagartha a spreagadh, chuir RO an nasc chuig an suirbhé ar fáil do gach bunscoil, iar-bhunscoil agus scoil speisialta aitheanta faoi dhó idir an 6 Feabhra agus an 5 Márta 2024. I ríomhphost a bhí ag gabháil leis, spreagadh príomhoidí scoile chun cuireadh a thabhairt do CRSanna ina scoil chun an suirbhé a chomhlánú. Chuaigh RO i dteagmháil le comhlachtaí bainistíochta scoile agus spreag sí iad chun teagmháil a dhéanamh lena gcuid ball chun an suirbhé a mheabhrú dóibh agus a gcuid foirne a spreagadh chun é a chomhlánú.

1.2.7 Cuireadh Fórsa, an ceardchumann atá aitheanta chun ionadaíocht a dhéanamh ar son CRSanna ar an eolas nuair a seoladh an suirbhé agus roinn siad an t-eolas lena gcuid ball.

1.2.8 Sa chéad choicís tar éis sheoladh an tsuirbhé chomhlánaigh tuairim is 4,000 CRS an suirbhé, arb ionann é agus 20% d'fhórsa saothair na CRSanna. Ar an 28 Feabhra 2024, chuir RO síneadh seachtaine leis an spriocdháta chun an suirbhé a chomhlánú chun deis bhreise a thabhairt do CRSanna a bheith páirteach ann. Dúnadh an suirbhé ar an 05 Márta 2024.

1.2.9 Bhí an suirbhé ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge. Bhí na freagraí gan ainm chun rannpháirtíocht a spreagadh agus chun smaointe agus tuairimí macánta a spreagadh.

1.2.10 Bhí ceisteanna an tsuirbhé bunaithe as shé cinn de phríomhthéamaí.

- Eolas Ginearálta
- An tIonad Oibre
- Oiliúint
- Mol Eolais do CRSanna
- Ról an CRS
- Timpeallacht an Ionaid Oibre

Cuirtear na torthaí i láthair mar chairteacha céatadáin agus mar tháblaí. Úsáidtear na téarmaí cainníochtúla seo a leanas nuair atá an t-eolas atá leagtha amach sna táblaí á léirmhíniú:

Céatadán	An Teanga a úsáidtear
Breis agus 90%	Ar fad nach mór
75% - 90%	Formhór
51% - 74%	Móramh/breis agus leath
50%	Leath
25% - 49%	Níos lú ná leath/mionlach suntasach
16% - 24%	Líon beag/níos lú ná an ceathrú cuid
Níos lú ná 15%	Roinnt bheag

I líon beag cásanna, rinneadh coigeartuithe chun céatadáin a ‘shlánú suas’ nó a ‘shlánú síos’i gcairteacha agus i dtáblaí lena chinntiú go mbeadh iomlán na gcéatadán cothrom le 100% nuair ab infheidhme.

1.3 Srianta

1.3.1 Bhí RO ag brath ar pháirtithe leasmhara chun an nasc chuig an suirbhé a dháileadh agus chun CRSanna a spreagadh lena chomhlánú. Tá an baol ann nár shroich an suirbhé gach ball den fhórsa saothair. Mar sin féin, rinneadh gach iarracht an suirbhé a chur chun cinn agus an ráta freagartha a uasmhéadú. Tá an sampla mór a fuarthas thar a bheith luachmhar le haghaidh taighde agus anailíse mar chuid de chur chuige il-mhodhanna chomh maith leis na modhanna taighde eile a rinne an t-aonad i dtaca leis an earnáil seo.

1.4 Rátaí Freagartha

1.4.1 Meastar go raibh 21,000 ball foirne san iomlán ag obair san earnáil ag am an tsuirbhé. Tugadh 13,465 freagra (64% d'fhórsa saothair na CRSanna) san iomlán ar an suirbhé. As an iomlán sin 7,401 (55%) ina bhfreagraí iomlána agus bhí 6,056 (45%) ina bhfreagraí neamhiomlána.

1.4.2 Lena chinntiú go ndéanfaí na torthaí a léiriú go cruinn, rinneadh athbreithniú cúramach ar na freagraí neamhiomlána.[1] Léiríonn na freagraí a léirítear sna sonraí a thaispeántar sa tuarascáil seo tuairimí na CRSanna a chomhlánaigh an suirbhé ina iomláine.

1.5 Próifíl na bhFreagróirí

1.5.1 Cuimsíonn 7, 401 freagra iomlán tuairim is 35% d'fhórsa iomlán na CRSanna in Éirinn agus is ráta freagartha iontach é sin.[2]

[1] As 6056 freagra neamhiomlán, bhí 3259 folamh go hiomlán agus fágadh ar lár ón anailís iad. Rinneadh anailís ar an 2,797 freagra neamhiomlán a bhí fanta i gcomhair comhlánú páirteach i ngach cuid.
[2] Optimizing Your Survey Response Rate | Kantar



Tábla 1 Ról reatcha

SNA - Mainstream primary school	CRS-Bunscoil Príomhshrutha
SNA – Mainstream post-primary School	CRS - Iar-Bhunscoil Phríomhshrutha
SNA – Special school	CRS – Scoil Speisialta
SNA – Special class	CRS – Rang Speisialta
SNA – Youth Encounter Project	CRS – Tionscadal Teagmhála Óige
SNA – Early Intervention Class in primary school	CRS – Rang Luath-Idirghabhála sa Bhunscoil
Other (please specify)	Eile (sonraigh le thoil)

1.5.2 Léiríonn dáileadh fhreagraí na CRSanna ar fud na gcineálacha éagsúla scoileanna go cuí an éagsúlacht suíomhanna scoile ina n-oibríonn CRSanna.

1.5.3 Mar atá léirithe i dTábla 1, fuarthas an líon ba mhó freagraí ó CRSanna a bhí fostaithe i mbunscoileanna príomhshrutha, arbh ionann iad agus beagnach leath de na freagraí agus ina dhiaidh sin iad siúd a bhí in iar-bhunscoileanna príomhshrutha.

1.5.4 Ina theannta sin, tá sciar suntasach de na CRSanna a d'fhreagair sannta do ranganna speisialta, is ionann sin agus 17% díobh. Is líon comhcheangailte atá san iomlán de 1288 freagra ó CRSanna i ranganna speisialta ina gcuirtear earnáil na Bunscoile agus na hIar-bhunscoile le chéile.

1.5.5 Fuarthas 755 freag Ó CRSanna a bhí ag obair i scoileanna speisialta, arb ionann é agus 10% den líon iomlán CRSanna a d'fhreagair a bhí fostaithe san earnáil sin.

1.5.6 Fuarthas 104 (%) de na freagraí ó CRSanna i Ranganna Luath-Idirghabhála i mbunscoileanna agus ina dhiaidh sin 2 (0%) ó CRSanna i dTionscadal Comhchaidrimh don aos óg.



Tábla 2 Fostaíocht BOO

1.5.6 Mar atá léirithe i dTábla 2, bhí 25% de na freagróirí fostaithe i scoileanna faoi phátrúnacht na mBord Oideachais agus Oiliúna.

2. Torthaí an tSuirbhé

2.1 Eolas Ginearálta



Tábla 3 Próifíl Inscne na bhfreagróirí

2.1.1 Mar atá léirithe i dTábla 3, léirigh formhór na CRSanna a ndearnadh suirbhéireacht orthu go raibh siad baineann, líon arbh ionann é agus 94% de na freagróirí agus bhí 6% de na freagróirí fireann. Tá sé sin ag teacht le staitisticí roimhe seo ar an earnáil, ar earnáil í ina raibh oibrithe baineanna den chuid ba mhó go stairiúil.



Tábla 4 Cúlra eitneach nó cultúrtha

2.1.2 Léirigh na CRSanna ar fad mórán (98%) a gcúlra cultúrtha mar Geal.[3] Liostaigh céatadán an-bheag de na freagróirí (12 (0.2%) agus 27 (0.4%) faoi seach) cúlraí cultúrtha mionlaigh amhail Dubh nó Áiseach.

[3] Ba dhaoine geala 98% de na freagróirí agus b'Éireannaigh 6975 (96%) díobh sin, ba ó phobal Lucht Siúil na hÉireann 6 (0.1%) agus ba ó chúlra geal ar bith eile 281 (4%).



Tábla 5 Tír Bhreithe

2.1.3 Is Éireannaigh 90% den na CRSanna a ghlac páirt sa suirbhé agus rugadh an 10% eile taobh amuigh d'Éirinn in áiteanna éagsúla.



Tábla 6 Náisiúntacht na bhfreagróirí

2.1.4 Bhí 712 CRSanna ionadaíoch do 66 tír. [4]Chuir an líon ba mhó den 388 náisiúnach coigríche in iúl gurbh as an Ríocht Aontaithe iad (55%), is Polannaigh 53 (7%) agus is as Stáit Aontaithe Mheiriceá 38 (5%). agus ina dhiaidh sin Spáinnigh, Iodálaigh agus Francaigh.

[4]An Albáin, an Ailgéir, Antigua agus Barbúda, an Airgintín, an Astráil, an Ostair, an Asairbaiseáin, an Bhanglaidéis, an Bheilg, an Bheilís, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Bhrasaíl, Ceanada, an tSín, an Cholóim, an Chróit, an tSeicia (Poblacht na Seice), an Danmhairg, Eacuadór, an Éigipt, an Fhrainc, an Ghearmáin, Gána, an Ghréig, an Ghuáin, Hondúras, an Ungáir, an India, an Indinéis, an Iodáil, an Chéinia, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, Oileán Mhuirís, an Mholdóiv, an Mhongóil, Maracó, an Ísiltír, an Nua Shéalainn, Nicearagua, an Nigéir, an Phacastáin, Peiriú, na hOileáin Fhilipíneacha, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an Rúis, an tSeirbia, Singeapór, an tSlóvaic, an Afraic Theas, an Chóiré Theas, an Spáinn, an tSualainn, an tSiria, an Tansáin, Oileán na Tríonóide agus Tobága, an Túinéis, an Tuirc, an Úcráin, an Ríocht Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an tSaimbia, an tSiombáib



Tábla 7 Líofacht sa Bhéarla

2.1.5 Astu siúd a léirigh nárbh é an Béarla a dteanga dhúchais, chuir 230 (89%) in iúl go raibh siad líofa sa Bhéarla.



Tábla 8 Próifíl Aoise na bhfreagróirí

2.1.6 Mar a léiríodh thuas bhí móramh suntasach, a chuimsíonn 2637 (36%) de na freagróirí, san aoisghrúpa 46-55. Ina dhiaidh sin, bhí an aoisghrúpa 36-45 ina raibh 1943 (26%). Ina theannta sin bhí 1748 (24%) idir 56-65, bliain d'aois, agus bhí céatadáin níos lú ag léiriú aoisghrúpaí níos óige, agus 839 (11%) idir 26-35 bliain d'aois agus gan ach 160 (2%) 25 bliain d'aois nó níos óige. Bhí céatadán an-bheag (1%) 66 bliain d'aois nó os a chionn.



Tábla 9 Aoisghrúpaí de réir inscne

2.1.7 I dtábla 9, leagtar amach réimse na n-aoisghrúpaí de réir inscne.



Tábla 10 An contea ina gcónaíonn na freagróirí

2.1.8 Go tíreolaíoch, as na CRSanna a d'fhreagair an suirbhé thug 1,798 (24%) le fios go gcónaíonn siad i mBaile Átha Cliath, cónaíonn 958 (13%) i gCorcaigh, 394 (5%) i gCill Dara, 391 (5%) i nGaillimh agus 337 (5%) i gContae na Mí. Cónaíonn an líon is lú (níos lú ná1%) in Aontroim (1), Doire (1), Ard Mhacha (4), an Dún (2) Fear Manach (2) agus Tír Eoghain (5).



Tábla 11 Lífacht sa Ghaeilge

2.1.9 Maidir le líofacht sa Ghaeilge, thuairiscigh formhór na CRSanna a ndearnadh suirbhé orthu go raibh líofacht theoranta acu. Go sonrach, léirigh 57% nach raibh Gaeilge an-líofa acu agus thuairiscigh 11% nach raibh Gaeilge ar bith acu. Ní mhaigh ach 11% go raibh siad líofa agus chuir 21% in iúl go raibh Gaeilge mhaith acu. Chomhlánaigh 16 (0.2%) CRS an suirbhé trí Ghaeilge.



Tábla 12 Míchumas i measc freagróirí

Blindness or partially sighted	Daille nó breacamharcach
Deafness or hard of hearing	Bodhaire nó lag éisteacht
Difficulty with basic physical activities	Deacracht le gníomhaíochtaí bunúsacha fisiciúla
Learning Disability	Míchumas Foghlama
Difficulty with learning, remembering or concentration	Deacracht le foghlaim, cuimhneamh, nó aird

Psychological, emotional condition, mental health condition	Riocht Síceolaíoch nó mothúchánach, riocht meabhairshláinte
Difficulty with pain, breathing or any other chronic illness	Deacracht le pian, análú nó tinneas ainsealach ar bith eile
None of the above	Ní ceann ar bith díobh sin thuas é
Prefer not to say	B'fhearr liom gan é a thabhairt le fios

2.1.10 Thuairiscigh formhór na CRSanna a d'fhreagair nach raibh siad faoi mhíchumas agus nach raibh deacrachtaí acu. Léirigh tuairim is 3% de na freagróirí go raibh deacracht acu le pian, análú nó tinneas nó riocht ainsealach eile. Bhí 1% de CRSanna a raibh riocht síceolaíoch nó mothúchánach nó riocht meabhairshláinte ag cur as dóibh agus léirigh 1% eile go raibh deacrachtaí acu le bodhaire nó deacrachtaí éisteachta.

2.2 An tIonad Oibre



Tábla 13 Fad seirbhíse mar CRS

2.2.1 Maidir leis an bhfad ama a bhí caite ag freagróirí ag obair mar CRS, ghabh an suirbhé réimse éagsúil eispéireas.

2.2.2 Mar a léiríodh i dTábla 13, cé gur thuairiscigh líon beag (6%) go raibh siad sa chéad bhliain mar CRS, bhí a bhformhór (79%) ag obair sa ghairm le breis agus trí bliana. Go sonrach, bhí 39% ag obair le breis agus trí bliana agus níos lú ná 10 mbliana, 27% ar feadh breis agus 10 mbliana ach níos lú ná 20 bliain agus 13% ar feadh breis agus 20 bliain. I measc na bhfreagróirí go léir, b'iontrálaithe nua roinnt bheag (6%). Ar an taobh eile, bhí 27% de na freagróirí san earnáil le breis agus deich mbliana ach ar feadh níos lún ná 20 bliain, agus bhí breis agus fiche bliain taithe ag 13% de na freagróirí.



Tábla 14 Fad seirbhíse sa scoil reatha

2.2.3 Nuair a fiafraíodh díobh faoina seal ina scoil reatha, bhí patrúin dáilte sna freagraí a bhí cosúil leo siúd atá leagtha amach i dTábla 14.

2.2.4 Cé gur thuairiscigh 12% go raibh siad sa chéad bhliain ina scoil reatha, bhí a bhformhór (88%) ina scoil reatha ar feadh breis agus bliain. Go sonrach, bhí 18% ina scoil reatha le breis agus bliain ach níos lú ná trí bliana, bhí 39% ina scoil reatha le breis agus trí bliana ach níos lú ná 10 mbliana, 22% ar feadh breis agus 10 mbliana ach níos lú ná 20 bliain agus 9% ar feadh breis agus 20 bliain.



Tábla 15 Stádas fostaíochta

2.2.5 Thuairiscigh mórán freagróirí (82%) go raibh siad fostaithe ar bhonn lánaimseartha, bhí 72% i bpoist chaighdeánacha lánaimseartha agus bhí 10% i bpoist shealadacha lánaimseartha. Thuairiscigh céatadán níos lú (14%) go raibh siad fostaithe ar bhonn páirtaimseartha, bhí 10% i bpoist chaighdeánacha pháirtaimseartha agus bhí 4% i bpoist shealadacha pháirtaimseartha. Ina theannta sin, thuairiscigh 7% de na freagróirí go raibh siad ar chonradh 0.83 agus aithníodh iad sin mar oibrithe ócáideacha.



Tábla 16 Uaireanta a obirítear in aghaidh na seachtaine

2.2.6 Thuairiscigh freagróirí éagsúlacht sna huaireanta oibre in aghaidh na seachtaine ar an meán. D'oibrigh móramh suntasach (75%) idir 26 agus 32 uair in aghaidh na seachtaine. Thuairiscigh céatadáin níos lú gur oibrigh siad níos lú uaireanta, gan ach 1% ag obair 1-5 uair, 2% ag obair 6-10 uair, 2% ag obair 11-15 uair, 9% ag obair 16-20 uair, agus 11% ag obair 21-25 uair in aghaidh na seachtaine.



Tábla 17 Contae Chónaithe v contae ina bhfuil an scoil suite

2.2.7 I dtaca le contae chónaithe i gcoibhneas leis an gcontae ina raibh siad fostaithe, thaispeáin na torthaí sa réimse seo gur thaistil 9 de fhreagróirí CRS chuig an obair ó Thuaisceart Éireann. Mar a fheictear ó Thábla 17, tá formhór mór na bhfreagróirí ina gcónaí agus ag obair sa chontae céanna. Tá difríocht idir é sin agus Baile Átha Cliath, áit nach bhfuil 159 de na freagróirí atá ag obair ansin ina gcónaí sa chontae agus 46 CRS ina gcónaí i gCill Dara agus ag taisteal chuig an obair i gcontae eile. Tá 44 CRS ina gcónaí i gcontae na Mí agus taistealaíonn siad chuig an obair i gcontae eile.



Tábla 18 Fad go dtí an obair

2.2.8 Mar atá léirithe i dTábla 18 thuas, bhain éagsúlacht le faid taistil CRSanna ón mbaile agus bhí a chuid ba mhó (35%) ag taisteal níos lú ná 5 chiliméadar chuig an obair. Bhí sciar suntasach eile (27%) ag taisteal 5-10 gciliméadar agus 21% ag taisteal 11-20 ciliméadar. Thuairiscigh céatadáin níos lú freagróirí faid taistil níos faide agus 10% ag taisteal 21-30 ciliméadar, 4% ag taisteal 31-40 ciliméadar, agus 3% ag taisteal 41- 50 ciliméadar.

2.3 Gnóthachtálacha Oideachais agus Oiliúna



Tábla 19 Leibhéal Oideachais

2.3.1 Taispeánann na torthaí, mar a léirítear i dTábla 19 thuas, réimse leathan de leibhéil oideachais. I gcás fhormhór (70%) na CRSanna a ndearnadh suirbhéireacht orthu, bhí cáilíocht ag an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) Leibhéal 6 nó níos airde.[5] Go sonrach, thuairiscigh 41% go raibh Cáilíocht NFQ leibhéal 6 acu, 9% NFQ Leibhéal 7, agus thuairiscigh 16% go raibh cáilíocht NFQ Leibhéal 8 acu agus 4% go raibh cáilíocht NFQ Leibhéal 9 acu. Bhí cáilíocht NFQ leibhéal 5 ag níos lú ná an ceathrú cuid (22%) acu agus bhí céad CRS (1%) a raibh an cháilíocht sin á baint amach acu. Ní raibh ach (5%) de na freagróirí a raibh íoscháilíocht an Teastais Shóisearaigh acu.

[5] Córas ina bhfuil 10 leibhéal is ea an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar cháilíochtaí i gcóras oideachais agus oiliúna na hÉireann.

Tábla 20 Cúrsa agus cáilíochtaí a baineadh amach Néal Focal

2.3.2 I dTábla 20 léirítear an cháilíocht agus teideal na gcúrsaí ar thug na CRSanna fúthu. I measc na bhfreagraí mar a cuireadh i láthair iad bhí: Dioplómaí réimsí amhail Riachtanais Speisialta, Cúram Leanaí, Staidéar Teaghlaigh, Teagasc Montessori, agus Staidéar Cúraim Shóisialta. Chomh maith le staidéar naíonra, staidéar Pobail agus Óige agus Cuntasaíocht ACCA.



Tábla 21 Staidéir reatha

2.3.3 Iarradh ar CRSanna freisin a léiriú an raibh nó nach raibh siad i mbun staidéir chun cáilíocht NFQ a bhaint amach. Níl formhór na CRSanna á dhéanamh sin (85%). Bhí sé i gceist ag líon beag CRSanna atá i mbun staidéir faoi láthair cáiliúchán a bhaint amach ar NFQ Leibhéal 6 nó níos airde.



Tábla 22 íoscháilíocht Iontrála

2.3.4 Tá an íoscháilíocht iontrála reatha chun a bheith i do CRS socraithe ag Leibhéal 3 NFQ nó íosmhéid de 3 ghrád D sa Teastas Sóisearach nó a chomhionann. Léirigh formhór na bhfreagróirí (féach Tábla 22 thuas), ag 80%, go bhfuil siad i bhfabhar an t-íosriachtanas chun a bheith i do CRS a ardú.



Tábla 23 Cáilíocht bhreise sa mhúinteoireacht

2.3.5 Fiafraíodh de fhreagróirí tuairisciú an raibh cáilíochtaí ábhartha ar bith eile acu i réimse eile. De réir Tábla 23, thuairiscigh formhór mór na CRSanna (95%) nach bhfuil cáilíocht mhúinteoireachta acu. Thuairiscigh 339 (5%) go raibh cáilíocht mhúinteoireachta acu. Rinneadh ceist leantach a phostáil chun bunús a gcáilíochta a chinneadh.



Tábla 24 Cáilíocht bhreise sa mhúinteoireacht

2.3.6 I gcás CRSanna a bhfuil cáilíocht mhúinteoireachta acu, fuair móramh suntasach (75%) an cháilíocht sin i bPoblacht na hÉireann (féach Tábla 24).



Tábla 25 Cáilíocht bhreise i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige

2.3.7 Thuairiscigh sciar suntasach de na freagróirí 4581 (62%) nach raibh cáilíocht i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige(FCL) acu (féach Tábla 25).



Tábla 26 Taithí oibre roimhe seo i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige

2.3.8 Chuaigh formhór na CRSanna i mbun a gcuid ról gan taithí a bheith acu roimhe sin i earnáil FCL. Mar sin féin, mar a léirítear i dTábla 26, d'oibrigh 2001 (27%) de na freagróirí in FCL sula ndearnadh CRSanna díobh.

2.3.9 Léiríonn sonraí an tsuirbhé go raibh 1691 (60%) de na CRSanna a thuairiscigh go raibh cáilíocht in FCL acu mar chuid den ghrúpa a raibh taithí in FCL roimhe seo acu agus go raibh 310 (7%) díobh siúd nach raibh cáilíochtaí FCL acu sa chatagóir sin freisin.



Tábla 27 Fostaíocht roimhe seo i suíomhanna Foghlama agus Cúraim na Luath-Óige

2.3.10 Sa suirbhé, rinneadh iniúchadh breise ar na cineálacha suíomhanna FCL a raibh na freagróirí fostaithe iontu roimhe seo. Bhí móramh suntasach (38%) fostaithe i gCúram Lae Iomláin (féach Tábla 27).



Tábla 28 Cúiseanna le hearnáil Foghlama agus Cúraim na Luath-Óige a fhágáil

2.3.11 Nuair a fiafraíodh díobh faoin gcúis le hearnáil FCL a fhágáil, bhí easpa dul chun cinn gairme (25%) ar cheann de na freagraí ba mhó a roghnaíodh agus taobh thiar de sin bhí conarthaí gearrthéarmacha (16%) agus ráta pá (15%) (féach Tábla 28).



Tábla 29 Oiliúint agus forbairt

2.3.12 Mar a léirítear i dTábla 29, thuairiscigh formhór an fhórsa saothair (73%) gur fhreastail siad go rialta ar oiliúint nó ar chúrsaí a bhain lena ról agus ní ghlac 27% páirt in oiliúint den chineál sin.



Tábla 30 Maoiniú don oiliúint

2.3.13 Mar a léirítear i dTábla 30, bhain éagsúlacht le foinsí don oiliúint agus do chúrsaí i measc freagróirí. Thuairiscigh an sciar ba mhó (34%) gur íoc siad féin as na cúrsaí agus luaigh 24% go gclúdaíonn an scoil ina n-oibríonn siad na costais i gcónaí Ina theannta sin, luaigh 25% nach raibh aon chostas ar an gcúrsa, agus léirigh céatadáin níos lú go bhfuair siad aisíocaíocht pháirteach ón scoil.



Tábla 31 Cúiseanna gan páirt a ghlacadh san oiliúnt

2.3.14 Mar a luadh roimhe seo sa tábla, ní fhreastalaíonn 29 27% de CRSanna ar oiliúint go rialta. Léirítear i dTábla 31 gurb iad na trí chúis ba mhó a thuairiscigh na CRSanna sin gan páirt a ghlacadh in aon chúrsaí forbartha gairmiúla ná easpa ama shaoir/ama ina ionad, easpa eolais faoina bhfuil ar fáil agus an costas a bhaineann leo.



Tábla 32 Leibhéil sástachta le soláthar oiliúna

2.3.15 Fiafraíodh de na CRSanna faoina leibhéil sástachta le soláthar agus cáilíocht na ndeiseanna oiliúna chun tacú lena ról.

2.3.16 Mar a léiríodh i dTábla 32 thuas, bhain éagsúlachta leis na freagraí. Cé gur léirigh 34% go raibh siad sásta le soláthar na hoiliúna (26% sásta, 8% an sásta), léirigh sciar suntasach (34%) míshástacht (24% míshásta, 10% an-mhíshásta). Bhí 31% nach raibh sásta ná míshásta.



Tábla 33 Leibhéil sástachta le cáilíocht/caighdeán na hoiliúna a fuarthas

2.3.17 Léirigh formhór na bhfreagróirí (58%) sástacht le cáilíocht na hoiliúna a fuarthas dá ról (44% sásta, 14% an-sásta), agus léirigh 17% míshástacht (12% míshásta, 5% an-mhíshásta), agus d'fhan 25% neodrach (féach Tábla 33).



Tábla 34 Oiliúint fhoirmiúil a bhaindeann go sonrach leis an bpost atá curtha i gcrích ag CRSanna

2.3.18 Taobh amuigh de na cáilíochtaí tosaigh, thug na rannpháirtithe breac-chuntas ar a rannpháirtíocht in oiliúint a bhain go sonrach leis an ról. Thuairiscigh tuairim is leath de na freagróirí gur thug siad faoi oiliúint fhoirmiúil a bhain go sonrach leis an bpost.



Tábla 35 Liosta de chúrsaí oiliúna a bhain go sonrach leis an bpost ar thug CRSanna fúthu

2.3.19 I dTábla 35 taispeántar liosta de chúrsaí oiliúna a bhaineann go sonrach le ról an CRS agus agus ar ghlac freagróirí páirt iontuof in.[6]

Tábla 36 Néal focal den oiliúint a bhain go sonrach le ról an CRS

[6] Cúrsaí oiliúna eile ar tugadh fúthu in ord íslitheach: CPI, EpiPen, Brain Calm, Caitidriú, NHEA, Riachtanais Chéadfacha, ACS, Teicneolaíocht Oiriúnaitheach, Studio 3, Oiliúint Dífhibrileora, Disléicse, Numicon, Bainistíocht Géarchéime, Siondróm Down, MAPS, TEACCH, Teiripe Shúgartha, PCM(A), Oiliúint Chothaitheach, Traicéastóime, ABA, Cosaint Leanaí, Six bricks, Imní, CALMS, Braille, Urlabhra agus Teanga, Lagú Radhairc, Múscailt Íseal, Anaifiolacsas, Plúchadh, Hanen, Scileanna Luaileacha, Dlúthchúram Pearsanta, EFR, Athbheochan, More than words, Oiliúint Uath-Insteallaire, PETMA, Féindochar

2.4 Clár Oiliúna Náisiúnta do CRSanna

2.4.1 San áireamh san Athbhreithniú ar an Scéim um Chúntóirí Riachtanas Speisialta a d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) ,tá moladh maidir le clár oiliúna náisiúnta ar líne a sholáthar do CRSanna atá ann faoi láthair agus nach bhfuil na leibhéal is gá d'oiliúint ábhartha acu. Ag eascairt as an moladh seo, chuir an Roinn amach iarraidh ar thairiscintí i gcomhair soláthraithe agus bronnadh conradh ceithre bliana ar Scoil an Oideachais sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) chun clár oiliúna náisiúnta nua ar líne (Clár Oiliúna Náisiúnta) do CRSanna atá fostaithe i scoileanna a dhearadh agus a sholáthar. Tá an Clár Oiliúna Náisiúnta á mhaoiniú go hiomlán ag an Roinn agus á sholáthar saor ó chostas don CRS. Go dtí seo, tá an Clár Oiliúna Náisiúnta curtha i gcrích ag tuairim is 2,200 CRS agus ar an iomlán bhí an t-aiseolas chuig CNOS/COBÁC dearfach.



Tábla 37 Clár Oiliúna Náisiúnta COBÁC do CRSanna

2.4.2 Sa suirbhé, iarradh ar fhreagróirí a chur in iúl an raibh an Clár Oiliúna Náisiúnta do CRSanna a sholáthraíonn COBÁC ar líne curtha i gcrích acu. Chuir 18% (1333) de na freagróirí in iúl go raibh sé curtha i gcrích acu agus ní raibh sé curtha i gcrích ag 82%.



Tábla 38 Cúiseanna gan páirt a ghlacadh sa chúrsa

2.4.3 Mar atá léirithe i dTábla 38, thuairiscigh siad siúd a d'fhreagair 'Níl' go raibh cáilíocht NFQ ar leibhéal 6 bainte amach acu cheana féin. Ar na príomhchúiseanna eile gan páirt a ghlacadh sa Chlár Oiliúna Náisiúnta bhí srianta ama (21%) agus easpa feasachta ar an gcúrsa.



Tábla 39 Cúiseanna gan cur isteach ar an gClár Oiliúna Náisiúnta do CRSanna

2.4.4 Tugadh cúiseanna éagsúla nár chuir freagróirí isteach ar an gClár Oiliúna Náisiúnta Tugadh achoimre orthu sin faoi théamaí éagsúla i dTábla 39. Ba iad na príomhchúiseanna a tugadh ná easpa ama/gan aon spreagadh ná dul chun cinn gairme/an leibhéal seo nó níos airde ná é bainte amach cheana féin.

Tábla 40 Oiliúint curtha i gcrích ag CRSanna

2.4.5 Léirigh breis agus leath de na freagróirí (54%) freisin go raibh cúrsaí curtha i gcrích acu seachas an Clár Oiliúna Náisiúnta do CRSanna.[7] Taispeántar i dTábla 40 cuid de na príomhchúrsaí agus na hinstitiúidí inar bhain siad cáilíochtaí amach.

[7] An liosta institiúidí inar bhain CRSanna a gcuid cáilíoctaí amach: NHEA na hÉireanna, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Coláiste Breisoideachais Bhaile Formaid Baile Átha Cliath, Barrow Training, Coláiste Breisoideachais na Carraige Duibhe, Coláiste Pobail Chábán tSíle, IT Cheatharlach, Coláiste Chevron, Coláiste Eaglais na hÉireann, CMIT, Colaiste Dhulaigh, College of Progressive Education, Seirbhísí Sláinte an Phobail, Coláiste Chorcaí, Coláise Tráchtála Chorcaí, Coláiste Dorset, Coláiste Breisoideachais Dhún Droma, Coláiste Teicniúil Dhún Garbháin, Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann, Coláiste Frobel, Coláiste Pobail na Gaillimhe, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe, Coláiste Chnoc an Ghrínigh, ColáisteHibernia, ICEP Europe Disléicse, Coláiste Breisoideachais, Coláiste na Coille Móire Baile Formaid, Ollscoil Leeds Beckett, Coláiste na Saoirsí Baile Átha Cliath, Coláiste Breisoideachais Mhala, Coláiste Mhuire gan Smál Luimneach, Scoil Chúraim Leanaí Lár Tíre School, O á College Dún Dealgan, The Open College, Scoil Portobello Baile Átha Cliath, Progressive College Baile Átha Cliath, Coláiste na Banríona Béal Feirste, Coláiste na Rossan Leitir Ceanainn, Coláiste San Aingeal Sligeach, Coláiste na Saoirsí Baile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

2.5 Oiliúint Ionduchtaithe



Tábla 41 Oiliúint Ionduchtaithe

2.5.1 Thuairscigh 36% de na CRSanna a ndearnadh suirbhéireacht orthu go bhfuair siad oiliúint ionduchtaithe le linn a gcuid fostaíochta agus ní bhfuair a bhformhór (64%) oiliúint ionduchtaithe ar bith.



Tábla 42 Topaicí a bhí san áireamh san oiliúint ionduchtaithe

Info on June work (Post Primary)	Eolas ar obair an Mheithimh (Iar-Bhunscoil)
Info on 72 hours	Eolas ar 72 uair an chloig
Info on students' particular care needs	Eolas ar na riachtanais chúraim ar leith atá ag scoláirí
Administering Medicine	Cógas a Thabhairt
Dealing with Challenging Behaviour	Ag dul i ngleic le hIompraíocht Dhúshlánach
Anti-Bullying	Frithbhulaíocht
Child Protection	Cosaint Leanaí
Use of equipment & resources	Úsáid trealaimh agus acmhainní
Policy re communicating with parents	Polasaí maidir le cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí
Planning for students with SEN	Ag pleanáil do leanaí a bhfuil RSO acu
Health and Safety	Sláinte agus Sábháilteacht
First aid	Garchabhair
Behaviour policy	Polasaí iompraíochta
Special Ed and/or inclusion	Oideachas Speisialta agus/nó ionchuimsitheacht
Role of the SNA	Ról an CRS
How to support students with SEN	Conas tacú le scoláirí a bhfuil RSO acu
Daily school routines	Gnáthaimh laethúla scoile

2.5.2 Luaigh na CRSanna sin a fuair oiliúint ionduchtaithe gur clúdaíodh na topaicí seo a leanas: Fuair oiliúint um Chosaint Leanaí agus oiliúint maidir le ról an CRS an scór ab airde, agus ina dhiaidh sin bhí gnáthaimh laethúla scoile, polasaí iompraíochta, sláinte agus sábháilteacht agus conas tacú le scoláirí a bhfuil RSO acu.



Tábla 43 Líon na scoláirí atá sannta

2.5.3 Maidir le líon na scoláirí a bhí sannta do CRSanna chun tacú leo, thuairiscigh a bhformhór (féach Tábla 43) gur thacaigh siad le 2-5 scoláire (56%) agus ina dhiaidh sin 6-10 scoláire (36%) agus céatadán níos lú nár thacaigh ach le scoláire amháin (7%).



Tábla 44 Na cineálacha riachtanas spisialta oideachais ar tacaíodh leo

2.5.4 Léiríonn na torthaí a thaispeántar i dTábla 44 go dtacaíonn CRSanna le scoláirí a bhfuil éagsúlachta riachtanas speisialta acu. Bhí formhór na CRSanna ag tacú le scoláirí a raibh Uathachas orthu (23%) Ina dhiaidh sin ba iad na catagóirí a raibh na scóir ab airde acu ná neamhoird Mhothúchánacha/Iompraíochta (20%) agus Míchumais Foghlama (19%).



Tábla 45 Tabhair Cógais

2.5.5 Nuair a fiafraíodh díobh faoi chógas a thabhairt do na scóláirí a dtacaíonn siad leo, thuairiscigh 20% de na CRSanna go dtugann siad cógas ina ról reatha, agus thug a bhformhór le fios (80%) nach dtugann siad cógas (féach Tábla 45).

2.6 Mol Eolais do CRSanna

2.6.1 I mí Mheán Fómhair 2023, bhunaigh AFFSCRS an Mol Eolais do CRSanna de bhun aiseolais a tháinig go díreach ó CRSanna sna grúpaí fócais a tugadh le chéile i mí na Bealtaine 2023. Cuireann an acmhainn seo ar chumas CRSanna teacht go tapa agus go héasca ar eolas tábhachtach faoina ról, eolas polasaí, ciorcláin ábhartha atá cothrom le dáta agus naisc chuig acmhainní oiliúna. Nuair a seoladh é, d'eisigh an Roinn ríomhphost chuig príomhoide na scoileanna aitheanta go léir ag cúnamh cabhrach uathu chun an teachtaireacht a roinnt leis na pobail scoile i gcoitinne.



Tábla 46 Mol Eolais

2.6.2 Nuair a fiafraíodh an raibh eolas ag CRSanna ar an Mol Eolais do CRSanna ar Gov.ie, mar atá léirithe i dTábla 46, thuairiscigh breis agus leath díobh (62%) 'Níl'



Tábla 47 Bealaí cumarsáide

2.6.3 Fiafraíodh de na CRSanna freisin faoi na bealaí ab fhearr leo go ndéanfadh an Roinn cumarsáid leo maidir le ciorcláin ábhartha, athruithe ar pholasaí, eolas agus nuashonruithe. Léirítear na torthaí i dTábla 47.

2.7 Ról an CRS



Tábla 48 Tuiscint ar ról an CRS

2.7.1 Iarraidh ar CRSanna tuiscint ar a ról a léiriú óna ndearcadh féin. Léiríonn na torthaí i dTábla 48 thuas gur mhothaigh na CRSanna go léir nach mór (99%) go raibh tuiscint mhaith acu ar a ról. Tugadh deis do na CRSanna freisin a dtuairimí a léiriú maidir le cé chomh maith agus a thuig an príomhoide agus an múinteoir/na múinteoirí a ról, dar leo. Cheap a bhformhór (82%) gur thuig an Príomhoide agus an múinteoir (78%) ról an CRS i bpobal na scoile go han-mhaith nó go maith. Os a choinne sin, níor cheap ach 18% de na freagróirí nár thuig an príomhoide ról an CRS go han-mhaith nó ar chor ar bith. Bhí na tuairimí céanna ag 23% maidir le tuiscint an mhúinteora/na múinteoirí ar ról an CRS.



Tábla 49 Leibhéil sáatachta leis an bpost

2.7.2 Fiafraíodh de fhreagróirí a leibhéal sástachta leis an bpost ar rátáil ar scáil ó '"An-Sásta go dtí "Gan a bheith sásta ar chor ar bith". Thuairiscigh formhór na bhfreagróirí (68%) go raibh siad an-sásta lena bpost. Thuairiscigh sciar suntasach (27%) go raibh siad réasúnta sásta, agus thuairiscigh céatadáin níos lú leibhéil sástachta níos ísle agus léirigh 4% a leibhéal sástachta mar gan a bheith an-sásúil agus léirigh 1% a leibhéal mar gan a bheith sásúil ar chor ar bith.



Tábla 50 Leibhéil struis

2.7.3 Maidir le strus sa phost thug freagróirí rátálacha comhchosúla ar scála ó “An-Strusmhar” go dtí “Gan a bheith strusmhar ar chor ar bith.” Cé gur thuairiscigh sciar suntasach (39%) go bhraith siad leibhéil struis a bhí an-ard sa phost, léirigh céatadán beagán níos airde (46%) gur mhothaigh siad faoi strus measartha. Thuairiscigh mionlach de na freagróirí (13%) leibhéil struis níos ísle, agus thug 2% le fios nár mhothaigh siad strus ar bith.



Tábla 51 Leibhéil tacaíochta

2.7.4 Cé gur thuairiscigh aon trian (33%) de na freagróirí gu raibh an-tacaíocht á fáil acu ina bpost, léirigh sciar níos mó (40%) gur mhothaigh siad go raibh tacaíocht mheasartha á fáil acu. Mar sin féin, chuir mionlach suntasach (26%) in iúl nach raibh an oiread sin tacaíochta á fáil acu, dar leo, agus chuir 20% in iúl go raibh tacaíocht níos lú á fáil acu, dar leo agus 6% ag tabhairt le fios nach raibh tacaíocht ar bith á fáil acu.



Tábla 52 Rannpháirtíocht an CRS sa phróiseas pleanála cúraim

2.7.5 Taispeántar i dTábla 52 na torthaí maidir le rannpháirtíocht na rannpháirtithe sa phróiseas pleanála cúraim don scoláire/do na scoláirí atá faoina gcúram. De réir mar a tuairiscíodh, ghlac 80% den fhórsa saothair páirt sa phróiseas pleanála. Chuir an cúigiú cuid de na freagróirí in iúl nach raibh baint ar bith acu sa phróiseas pleanála cúraim.



Tábla 53 Aiseolas faoi fheidmíocht

2.7.6 Mar atá léirithe i dTábla 53, ní bhfuair beagnach leath (49%) de na CRSanna aiseolas ar bith faoina gcuid feidhmíochta. Léirigh an leath eile go bhfuair siad aiseolas trí chruinnithe leis an bpríomhoide, leis an múinteoir ranga nó le daoine eile.



Tábla 54 Foinsí eile don aiseolas. Néal focal

2.7.7 Luadh mórán eile foinsí aiseolais agus tá na cinn ba mhinicí a úsáideadh leagtha amach i dTábla 54 thuas agus ina measc sin tá an múinteoir RSO, an múinteoir ranga, tuismitheoirí, agus an Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta Oideachais (CRSO).



Tábla 55 Modhanna chun aiseolas faoi fheidhmíocht a thabhairt

2.7.8 Mar atá léirithe i dTábla 55, tugtar an t-aiseolas ar bhonn neamhfhoirmiúil den chuid is mó, nó trí mheascán rialta de chruinnithe pleanáilte agus neamhfhoirmiúla. Chuir 14% de na freagróirí in iúl go raibh na cruinnithe maidir le feidhmíocht sceidealaithe agus pleanáilte roimh ré.



Tábla 56 Minicíocht an aiseolais faoi fheidhmíocht

2.7.9 I dTábla 56, taispeántar torthaí maidir le minicíocht na gcruinnithe maidir le haiseolas faoi fheidhmíocht. Rinneadh 60% de na cruinnithe sin a reáchtáil ar bhonn rialta go seachtainiúil nó go míosúil. Thuairiscigh 18% den na CRS gurbh annamh a fuair siad aiseolas.



Tábla 57 Sceidealú na gcruinnithe foirmiúla

2.7.10 I dTábla 57, taispeántar uainiú na gcruinnithe foirmiúla, agus níos lú ná leath (43%) de na cruinnithe foirmiúla á reáchtáil le linn lá scoile na CRSanna, agus 31% á reáchtáil mar chuid de na 72 uair an chloig. Rinneadh níos lú ná an ceathrú cuid de na cruinnithe foirmiúil a reáchtáil le linn am pearsanta, neamhíoctha na CRSanna.

2.8 Iompar Scoile - Tionlacaithe Busanna

2.8.1 Tacaíonn an scéim iompair scoile le hiompar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ag éirí as míchumas diagnóisithe chuig an scoil agus ar ais abhaile.



Tábla 58 Poist a sealbhaíodh sa bhreis ar ról an CRS

2.8.2 Mar atá léirithe i dTábla 58, chomhlíon 567 (8%) de na freagróirí dualgais bhreise sa bhreis ar a ról mar CRS.[8] Tá post mar thionlacaí bus ag tuairim is 6% (446) de na freagróirí sa bhreis ar a ról mar Chúntóir Riachtanas Speisialta (CRS).

[8] Oibríonn tuairim is 57 (1%) de na freagróirí mar rúnaithe scoile. Tá post mar mhúinteoir ag céatadán beag (0.4%) de na daoine (32) in éineacht lena ról mar CRS. Ar aon dul leis sin, tá 32 (0.4% de na freagróirí ina múinteoirí RSO freisin.



Tábla 59 CRSanna a bhfuil a bpostbreise lena scoil reatha

2.8.3 Bhí formhór na bhfreagróirí fostaithe ag an scoil chéanna ina raibh siad ag obair mar CRS (féach Tábla 59).



Tábla 60 Líon na leanaí atá ar an tseirbhís iompair scoile

2.8.4 I dTábla 60, taispeántar torthaí maidir le líon na leanaí atá ar an tSeirbhís Iompair Scoile. Thaifead formhór na rannpháirtithe (81%) go raibh suas le deichniúr leanaí ar an iompar a dtaistealaíonn siad air agus bíonn leanbh amháin ar bord ag 14% agus léirigh 5% go raibh breis agus deichniúr leanaí ar bord acu.



Tábla 61 Líon na leanaí a bhfuil an CRS ag tabhairt aire dóibh ar an tseirbhís iompair scoile

2.8.5 Tá formhór nó 74% de na CRSanna atá fostaithe mar Thionlacaí Scoile freagrach as idir beirt agus deichniúr leanaí ar bord agus níor thaifead ach 24% nach raibh siad ach ag tabhairt aire do scoláire amháin ar bord. Léirigh 2% go raibh siad freagrach as breis agus deichniúr leanaí ina ról mar thionlacaí bus.



Tábla 62 An méid ama, ar an meán a chaitear ag obair mar Thionlacaí Bus

2.8.6 Bhain éagsúlacht leis an méid ama, ar an meán, a caitheadh ar sheirbhísí iompair bus ar fud na rannpháirtithe. Léirigh breis agus a leath gur chaith siad 2 – 4 uair an chloig ar bhonn laethúil ag obair mar thionlacaí bus, agus b'ionann agus 19% an duine an sciar díobh siúd a bhí ag obair ar feadh níos lú ná uair an chloig agus os cionn 4 agus suas le 8 n-uair an chloig.

2.9 Timpeallacht an Fhórsa Saothair



Tábla 63 Seasmhacht na fostaíochta

2.9.1 Léiríonn anailís ar na sonraí a bailíoch, mar a chuirtear i láthair iad i dTáblaí 63 - 68, dearcthaí CRSanna maidir le seasmhacht na fostaíochta, ionchuimsitheacht an ionaid oibre agus timpeallacht na scoile.

2.9.2 Mar atá léirithe i dTábla 63 thuas, le chéile, aontaíonn móramh suntasach go mór nó aontaíonn siad (58%) go soláthraíonn a bpost fostaíocht sheasmhach. Tá sciar suntasach ann (14%) nach n-aontaíonn nó nach n-easaontaíonn, rud a léiríonn roinnt éiginnteachta nó meascán de mhothúcháin maidir le seasmhacht an phoist. Déantar míshástacht le seasmhacht an phoist a thuairisciú, agus 28% (ag easaontú + ag easaontú go mór) ag léiriú céimeanna éagsúla den easaontú leis an ráiteas.



Tábla 64 Leibhéil ionchuimsithe

2.9.3 D'aontaigh formhór na bhfreagróirí (84%) go léirítear go mbaineann fiúntas le daoine ó chúlraí éagsúla agus go léirítear meas orthu san ionad oibre. Mar sin féin, d'easaontaigh céatadán beag leis an ráiteas sin.



Tábla 65 Leibhéil chothroime

2.9.4 Cosúil leis an ráiteas roimhe seo, d'aontaigh formhór na bhfreagróirí (60%) go gcaitear go cothrom leis na fostaithe go léir. Mar sin féin, léirigh céatadán suntasach, 23%, gur easaontaigh siad leis an ráiteas sin.



Tábla 66 Leibhéil ionchuimsithe

2.9.5 “Cuirtear san áireamh mé i gcinneadh/gcomhrá gnó ar bith a théann i gcion ar mo chuid oibre” - fuarthas meascán freagraí ar an ráiteas sin, gan ach 41% de na freagróirí ag léiriú gur cuireadh san áireamh iad i gcinntí gnó ábhartha. D’easaontaigh sciar suntasach (34%) leis an ráiteas sin.



Tábla 67 An leibhéal cúraim don fholláine

2.9.6 D'aontaigh roinnt mhaith de na freagróirí (64%) gur cás leis an scoil a bhfolláine. Mar sin féin, léirigh céatadán suntasach (16%), gur easaontaigh siad leis an ráiteas sin.



Tábla 68 Tuairimí agus smaointe éagsúla

2.9.7 Cé gur aontaigh líon suntasach freagróirí (60%) go bhfuil meas ag a scoile ar thuairimí agus ar smaointe éagsúla, d'easaontaigh mionlach suntasach (15%) leis an ráiteas sin.

2.10 Caidreamh i bPobal na Scoile

2.10.1 I dTáblaí 69 – 71, taispeántar sonraí maidir le dearcthaí CRSanna ar a gcaidreamh le foirne scoile, go háirithe an príomhoide, múinteoirí ranga agus na CRSanna eile sa scoil.



Tábla 69 Caidreamh leis an bpríomhoide

2.10.2 Iarradh ar fhreagróirí cur síos a dhéanamh ar a gcaidreamh le príomhoide na scoile. Thuairiscigh formhór na bhfreagróirí (86%) go raibh a gcaidreamh dearfach, agus rátáil 62% a gcaidreamh mar ar fheabhas nó an-mhaith. Mar sin féin, léirigh 14% de na freagróirí go raibh a gcaidreamh leis an bpríomhoide measartha nó go dona.



Tábla 70 Caidreamh leis an múinteoir/na múinteoirí ranga

2.10.3 Maidir le caidreamh le múinteoirí ranga, léirigh céatadán níos mó de na freagróir eispéiris dhearfacha. Rátáil breis ag trí ceathrú de na freagróirí (79%) go raibh a gcaidreamh leis na múinteoirí ranga ar fheabhas nó an-mhaith. Mar sin féin, chuir céatadán beag (5%) in iúl go raibh a gcaidreamh leis na múinteoirí ranga measartha nó go dona.



Tábla 71 Caidreamh le CRSanna eile sa scoil

2.10.4 Thuairiscigh móramh suntasach de na freagróirí (92%) go raibh eispéiris dhearfacha acu leis an CRSanna eile sa scoil. Rátáil formhór na bhfreagróirí (80%) go raibh a gcaidreamh leis na CRSanna eile ar fheabhas nó an-mhaith. Mar sin féin, thuairiscigh céatadán beag (4%) go raibh a gcaidreamh leis na CRSanna eile measartha nó go dona agus chuir 3% in iúl nach raibh CRS ar bith eile sa scoil.



Tábla 72 An leibhéal tacaíochta ó chomhghleacaithe

2.10.5 Iarradh ar fhreagróirí measúnú a dhéanamh ar cé chomh mór is a thacaítear leo ina bpost, dar leo. Cé gur thuairiscigh breis ag leath de na freagróirí (57%) gur mhothaigh siad gur thacaigh comhghleacaithe leo i gcónaí ina bpost, léirigh (41%) go mothaíonn siad go mbíonn tacaíocht á fáil acu uaireanta. Chuir 2% in iúl go mothaíonn siad nach bhfaigheann siad tacaíocht riamh.

2.11 Earcaíocht



Tábla 73 An Próiseas Earcaíochta

2.11.1 Mar atá léirithe i dTábla 73, tá tuairimí éagsúla ann maidir le cothroime agus trédhearcacht an phróisis earcaíochta do CRSanna. Cé gur léirigh an móramh (73%) go raibh leibhéal éigin muiníne acu i gcothroime agus i dtrédhearcacht an phróisis, léirigh mionlach suntasach (27%) amhras. Go suntasach, chreid 16% de na freagróirí go bhfuil beagán cothroime ag baint leis an bpróiseas agus chreid 11% nach bhfuil sé cothrom ar chor ar bith.

3.Conclúidí

3.1 Tugann torthaí an tsuirbhé léargas luachmhar ar leibhéil oideachais, cáilíochtaí agus eispéiris oiliúna CRSanna. Tá sé soiléir go bhfuil réimse cáilíochtaí ag CRSanna i raon de réimsí éagsúla. Léiríonn sé freisin go bhfuil CRSanna níos cáilithe ná na híosriachtanais oideachais don ról i.e., mórcháilíocht FETAC leibhéal 3 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó trí ghrád D ar a laghad sa Teastas Sóisearach nó a chomhionann. Ar an iomlán, tacaíonn freagróirí le hathbhreithniú a dhéanamh ar na híosriachtanais oideachais.

3.2 Tugann torthaí an taighde seo le tuiscint go bhfuil difríochtaí suntasacha i measc fhórsa saothair na CRSanna maidir le cothromaíocht inscne agus éagsúlacht. Beidh an réimse sin á bhreithniú ag an nGrúpa Oibre ar Earcú, Coinneáil agus Éagsúlacht CRSanna a bunaíodh chun ionchur a sholáthar don Phlean um Fhorbairt Fhórsa Saothair na CRSanna.

3.3 Cé go nglacann sciar suntasach de na CRSanna páirt i gcúrsaí oiliúna a bhaineann lena ról agus go léiríonn siad sástacht le cáilíocht na hoiliúna, tá an fháil atá ar dheiseanna oiliúna agus foinsí maoinithe ina n-ábhair imní. Déanfaidh an Grúpa Oibre ar Fhoghlaim agus ar Fhorbairt CRSanna a bunaíodh chun ionchur a sholáthar don Phlean um Fhorbairt Fhórsa Saothair na CRSanna breithniú ar dheiseanna do na CRSanna go léir rochtain a fháil ar oiliúint dá bhforbairt ghairmiúil.

3.4 Cé gur léirigh mórán CRSanna go bhfuair siad oiliúint ionduchtaithe, ní bhfuair an móramh aon oiliúint ionduchtaithe. Déanfaidh an Grúpa Oibre ar Earcú, Coinneáil agus Éagsúlacht CRSanna a bunaíodh chun ionchur a sholáthar don Phlean um Fhorbairt Fhórsa Saothair na CRSanna breithniú ar an mbealach ar féidir aghaidh a thabhairt ar an gcuid thábhachtach sin den phróiseas earcaíochta lena chinntiú go bhfuil CRSanna ullamh chun an caighdeán cúraim is airde a sholáthar nuair a théann siad isteach sa seomra ranga den chéad uair.

3.5 Léiríonn na torthaí an réimse éagsúil de riachtanais speisialta a dtacaíonn CRSanna leo agus an líon éagsúil cásanna atá acu. Is féidir le tuiscint ar na gnéithe

sin bonn eolais a chur faoi straitéisí chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do CRSanna ina róil agus a chinntiú go mbeidh soláthar éifeachtach cúraim agus cúnaimh á fháil ag scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta acu i suíomhanna oideachais.

3.6 Léiríonn torthaí an tsuirbhé go raibh caidreamh dearfach, ar an iomlán, idir freagróirí agus foirne scoile, lena n-áirítear príomhoidí, múinteoirí ranga agus CRSanna eile.

3.7 Tá roinnt ábhar imní i measc freagróirí maidir le cothroime agus trédhearcacht an phróisis earcaíocht do CRSanna, agus mionlach suntasach de na freagróirí ag léiriú amhrais. Má thugtar aghaidh ar na hábhair imní sin agus má léirítear comhsheasmhacht agus trédhearcacht sa phróiseas earcaíochta, beidh timpeallacht scoile níos tacúla agus níos comhtháite ann dá bharr sin.

3.8 Léirigh torthaí an tsuirbhé go raibh meascán de dhearcthaí dearfacha agus diúltacha ann i measc na bhfreagróirí maidir le sástacht leis an bpost agus timpeallacht na scoile. Cé gur léirigh an móramh sástacht le gnéithe amhail éagsúlacht san ionad oibre agus cothroime, tá réimsí ann i gcomhair feabhais, go háirithe maidir le hionchuimsitheacht sna próisis chinnteoireachta agus dearcthaí ar thacaíocht i suíomhanna oideachais. Tarraingíonn na torthaí seo aird ar an tábhacht a bhaineann leis na hiarrachtaí leanúnacha chun timpeallachtaí ionchuimsitheacha agus tacúla a chothú san ionad oibre agus in institiúidí oideachais.

3.9 Tarraingíonn na torthaí aird ar an leibhéal ard sástachta leis an bpost i measc na bhfreagróirí, agus a bhformhór ag tuairisciú go raibh siad an-sásta lena bpost. Mar sin féin, thuairiscigh líon suntasach de na freagróirí freisin leibhéil arda struis sa phost agus d'fhéadfadh impleachtaí a bheith ag baint leis sin i dtaca lena bhfolláine agus lena dtáirgiúlacht fhoriomlán. Ina theannta sin, cé go mothaíonn mórán de na freagróirí go dtacaítear leo ina bpoist, tá scóip ann i gcomhair feabhais go fóill, mar go bhfuil céatadán suntasach ann nach mothaíonn go dtacaítear leo.

3.10 Déanfar tuilleadh anailíse ar na róil agus ar na dúshláin atá roimh CRSanna i ngach earnáil scoile le linn an Phlean um Fhorbairt Fhórsa Saothair na CRSanna chun tacaíocht chuí a sholáthar chomh maith le deiseanna oiliúna agus forbartha. Tabharfar

an obair sin chun críche agus é mar aidhm léi torthaí oideachais do scoláirí atá faoi chúram CRSanna a bharrfheabhsú.